Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**9719/26**

**EF 161**
**ECOFIN 675**
**DELACT 92**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 26 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 3334 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 26.5.2026 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/3005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear an fhaisnéis atá le háireamh san iarratas ar údarú mar sholáthraí rátálacha ESG agus san iarratas ar aitheantas a thabhairt do sholáthraí rátálacha ESG |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 3334 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 3334 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.5.2026
C(2026) 3334 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 26.5.2026**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/3005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear an fhaisnéis atá le háireamh san iarratas ar údarú mar sholáthraí rátálacha ESG agus san iarratas ar aitheantas a thabhairt do sholáthraí rátálacha ESG**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2024/3005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 maidir le trédhearcacht agus sláine gníomhaíochtaí rátála Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG), agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/2088 agus (AE) 2023/2859 (dá ngairtear an Rialachán maidir le rátáil ESG anseo feasta) cáilíocht na faisnéise faoi rátálacha ESG a fheabhsú, (i) trí fheabhas a chur ar thrédhearcacht saintréithe agus modheolaíochtaí rátálacha ESG, agus (ii) trí shláine mhéadaithe oibríochtaí soláthraithe rátálacha ESG agus cosc ar rioscaí coinbhleachta leasa ar leibhéal soláthraithe rátálacha ESG a áirithiú.

Sular féidir maoirseacht a dhéanamh ar sholáthraithe rátálacha ESG, is gá do ESMA ar dtús iarratasóir a údarú i gcomhréir leis na próisis a leagtar amach in Airteagail 6 go 8 den Rialachán maidir le rátáil ESG nó iarratasóir a aithint i gcomhréir le hAirteagal 12 den Rialachán maidir le rátáil ESG.

Chun na measúnuithe sin a dhéanamh ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach, tacaítear leis na próisis údarúcháin nó aitheantais a leagtar amach in Airteagail 6 go 8 agus in Airteagal 12 den Rialachán maidir le rátáil ESG le cumhachtuithe le haghaidh caighdeáin theicniúla rialála faoi Airteagal 6(3) agus Airteagal 12(9) arb é is aidhm dóibh an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán maidir le rátáil ESG a shonrú a thuilleadh agus foirm agus ábhar an iarratais ar aitheantas a chinneadh.

Ní bheidh méadú substaintiúil ar chostais mar thoradh ar cheanglais maidir le faisnéis a shonrú a thuilleadh le hais an mheastacháin a ullmhaíodh don togra. Tá costas an chaighdeáin theicniúil rialála arna mheas ag ESMA i gcomhréir leis na meastacháin a rinneadh sa mheasúnú tionchair.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 1095/2010 (Rialachán ESMA), rinne ESMA comhairliúchán poiblí maidir le dréachtchaighdeáin theicniúla rialála i mí na Bealtaine 2025. Tháinig deireadh leis an gcomhairliúchán poiblí an 20 Meitheamh. Fuarthas 57 bhfreagra san iomlán ó réimse leathan páirtithe leasmhara lena n-áirítear rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais, comhlachais tionscail, acadóirí, soláthraithe rátálacha agus páirtithe leasmhara eile. Cuireadh Tuarascáil Chríochnaitheach ESMA maidir le Caighdeáin Theicniúla faoin Rialachán maidir le trédhearcacht agus sláine gníomhaíochtaí rátála Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais faoi bhráid sheirbhísí an Choimisiúin an 13 Deireadh Fómhair 2025.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Sonraítear le hAirteagail 1 agus 2 na heilimintí atá ábhartha d'iarratas ar údarú agus ansin na heilimintí atá ábhartha d'iarratas ar aitheantas.

Le hAirteagal 3, déileáiltear le formáid agus ceanglais fhoirmiúla an iarratais

Le hAirteagal 4, déileáiltear leis na ceanglais a bhaineann leis an bhfaisnéis a sholáthraítear maidir leis an líon fostaithe.

Soiléirítear le hAirteagal 5 conas an oibleagáid maidir le faisnéis a sholáthar i ndáil le beartais agus nósanna imeachta a chomhlíonadh.

A mhéid a bhaineann leis na hIarscríbhinní a ghabhann leis na caighdeáin theicniúla rialála, ba cheart an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn II a sholáthar i gcás iarratas ar údarú nó iarratas ar aitheantas araon. Ansin, más mian le hiarratasóir ar údarú rátálacha creidmheasa a fhormhuiniú, nó tagarmharcanna a sholáthar, ba cheart an fhaisnéis in Iarscríbhinní IV agus V a sholáthar sa bhreis ar Iarscríbhinn II. I gcás iarratas ar aitheantas, ba cheart an fhaisnéis shonrach atá in Iarscríbhinn III a sholáthar i dteannta na faisnéise faoi Iarscríbhinn II.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 26.5.2026**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/3005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear an fhaisnéis atá le háireamh san iarratas ar údarú mar sholáthraí rátálacha ESG agus san iarratas ar aitheantas a thabhairt do sholáthraí rátálacha ESG**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/3005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 maidir le trédhearcacht agus sláine gníomhaíochtaí rátála Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG), agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/2088 agus (AE) 2023/2859[1], agus go háirithe Airteagal 6(3), an tríú fomhír, agus Airteagal 12(9), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le cuspóirí ginearálta Rialachán (AE) 2024/3005, go háirithe chun trédhearcacht agus iontaofacht a fheabhsú maidir le hoibríochtaí soláthraithe rátálacha ESG, is iomchuí a áirithiú leis an Rialachán seo gur leor an fhaisnéis atá le cur faoi bhráid an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí (ESMA) chun críocha phróisis údarúcháin agus aitheantais soláthraithe rátálacha ESG chun go mbeidh ESMA in ann cinntí eolasacha ábhartha a dhéanamh.

(2) Maidir leis na caighdeáin theicniúla rialála atá le glacadh ar bhonn na gcumhachtaí a leagtar síos in Airteagal 6(3), an tríú fomhír, agus Airteagal 12(9), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) 2024/3005, ba cheart iad a chuachadh in aon Rialachán Tarmligthe amháin ón gCoimisiún chun a áirithiú go ndéanfar na forálacha uile lena sonraítear údarú, clárú agus aithint soláthraithe rátálacha ESG a chomhdhlúthú in aon Rialachán amháin.

(3) Féadfaidh faisnéis a bheith san fhaisnéis a chuirtear faoi bhráid ESMA maidir le céannacht an teagmhálaí, na bainistíochta sinsearaí nó ionadaí dlíthiúil soláthraí rátálacha ESG is iarratasóir, chomh maith le hanailísithe, fostaithe agus daoine eile a bhfuil baint dhíreach acu le gníomhaíochtaí rátála ESG. Áirítear sonraí pearsanta i bhfaisnéis den sórt sin. I gcomhréir le prionsabal an íoslaghdaithe sonraí a chumhdaítear in Airteagal 4(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], níor cheart a iarraidh ach sonraí pearsanta

---

[1] IO L, 2024/3005, 12.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/3005/oj .

[2] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj ).

a bhfuil gá leo chun é a chur ar a chumas do ESMA measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an iarratais ar údarú mar sholáthraí rátálacha ESG nó ar chomhlíonadh an iarratais ar aitheantas a thabhairt do sholáthraí rátálacha ESG leis na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) 2024/3005.

(4) Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint. Ba cheart próiseáil sonraí pearsanta chun críocha an Rialacháin seo a dhéanamh i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta. I ndáil leis sin, aon phróiseáil sonraí pearsanta a dhéanann ESMA agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm, ba cheart í a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725.

(5) Maidir le sonraí pearsanta, go háirithe an cruthúnas nach ann, i gcás gach comhalta de bhainistíocht shinsearach soláthraí rátálacha ESG, do thaifid choiriúla a bhaineann le sciúradh airgid, maoiniú sceimhlitheoireachta, soláthar seirbhísí airgeadais nó seirbhísí sonraí, gníomhartha calaoise nó claonchasaidh, ba cheart don soláthraí rátálacha ESG sin agus do ESMA na sonraí sin a choinneáil ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana tar éis don bhainistíocht shinsearach lena mbaineann scor dá feidhm a chomhlíonadh.

(6) Chun a áirithiú go mbeidh ESMA in ann measúnú a dhéanamh ar sholáthraithe rátálacha ESG an creat ábhartha a chomhlíonadh, lena n-áirítear na bearta agus na coimircí atá le cur chun feidhme ag soláthraithe rátála ESG i ndáil le deighilt gnó agus gníomhaíochtaí, maidir le soláthraithe rátálacha ESG ar mian leo iarratas a dhéanamh ar údarú chun tagarmharcanna a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán (AE) 2024/3005 tráth a dhéanann siad iarratas ar údarú chun oibriú san Aontas i gcomhréir le hAirteagal 6(1) den Rialachán sin, ba cheart dóibh faisnéis bhreise a sholáthar do ESMA ina leith sin.,

(7) Bíonn tionchar mór ag comhaltaí de bhainistíocht shinsearach soláthraithe rátálacha ESG ar oibríochtaí na soláthraithe rátálacha sin. Is gá, dá bhrí sin, a cheangal ar sholáthraithe rátálacha ESG a áireamh ina n-iarratas ar údarú cruthúnas ar dhea-cháil na gcomhaltaí sin agus deimhniú oifigiúil nó fianaise choibhéiseach ó gach comhalta den bhainistíocht shinsearach nár ciontaíodh iad i gcionta coiriúla áirithe. Ba cheart an deimhniú oifigiúil a bheith sách nua chun leibhéal dearbhaithe atá cothrom le dáta a sholáthar agus ba cheart tréimhse sách fada a chumhdach leis.

(8) Ceanglaítear le Pointe (g) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/3005 gur cheart an líon anailísithe rátála, fostaithe agus daoine eile atá ag obair don iarratasóir, atá bainteach go díreach le gníomhaíochtaí rátála ESG, agus an leibhéal taithí agus oiliúna atá acu, a bheith sna hiarratais ar údarú. Chun an ceanglas sin a shonrú a thuilleadh agus cineálacha éagsúla measúnaithe á gcur san áireamh, ba cheart a chumhdach leis an bhfaisnéis sin freisin na hanailísithe agus an fhoireann atá ag obair chun an mhodheolaíocht rátála ESG a fhorbairt agus a athbhreithniú agus a chuireann chun feidhme agus a choinníonn ar bun na córais, na hacmhainní agus na nósanna imeachta is gá chun go gcomhlíonfaidh soláthraithe rátálacha ESG a n-oibleagáidí faoi Rialachán (AE) 2024/3005. Chun an próiseas iarratais a chuíchóiriú, ba cheart an fhaisnéis a sholáthraítear a bheith ar leibhéal na foirne nó an ghrúpa daoine a dhéanann na gníomhaíochtaí.

(9) Le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2024/3005 cuirtear toirmeasc ar sholáthraithe rátálacha ESG dul i mbun gníomhaíochtaí áirithe, nó ceanglaítear ar sholáthraithe rátálacha ESG na gníomhaíochtaí sin a dheighilt óna ngníomhaíochtaí rátála ESG. Chun a fhíorú cé acu a rinne nó nach ndearna an t-iarratasóir na bearta is gá chun a

áirithiú nach gcuirfidh na gníomhaíochtaí nó na seirbhísí eile a sholáthraíonn sé isteach go míchuí ar shláine a ghníomhaíochtaí rátála ESG ná nach gcuirfidh siad sláine na ngníomhaíochtaí nó na seirbhísí sin i mbaol, ba cheart d'iarratasóirí leibhéal leordhóthanach faisnéise a sholáthar maidir leis na bearta a cuireadh i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 16(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2024/3005.

(10) Chun slándáil a chosaint agus bainistiú agus inúsáidteacht sonraí a fheabhsú i bhfianaise an digitithe mhéadaithe, ba cheart aon fhaisnéis a chuirtear faoi bhráid ESMA in iarratas a bheith inléite ag meaisín, struchtúrtha le bheith so-aitheanta, aitheanta agus asbhainte le feidhmchlár bogearraí, agus curtha ar fáil ar mheán marthanach.

(11) Chun cuidiú le ESMA na doiciméid atá curtha isteach ag iarratasóir mar chuid den iarratas ar údarú agus ar chlárú a shainaithint, ba cheart uimhir thagartha uathúil a sholáthar le haghaidh gach doiciméid.

(12) Chun críoch dearbhaithe agus cuntasachta, ba cheart a áireamh in iarratas ar údarú nó ar chlárú arna chur faoi bhráid ESMA litir arna síniú ag comhalta de bhainistíocht shinsearach an iarratasóra, lena bhfianaítear go bhfuil an fhaisnéis a cuireadh isteach cruinn agus iomlán chomh fada agus is eol don chomhalta sin.

(13) Ós rud é go bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/3005 leis an Rialachán seo, a bhfuil feidhm aige ón 2 Iúil 2026, is iomchuí dátaí chur i bhfeidhm an dá Rialachán a ailíniú.

(14) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh an 5 Bealtaine 2026.

(15) Is ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag ESMA a bhunaítear an Rialachán seo.

(16) Reáchtáil ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a bhfuil an Rialachán seo bunaithe orthu, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí gaolmhara a d'fhéadfadh a bheith ann agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3],

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Iarratas ar údarú chun oibriú mar sholáthraí rátálacha ESG**

1. Cuirfidh iarratasóir ar údarú mar sholáthraí rátálacha Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG) an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn II faoi bhráid an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí (ESMA), sa bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán 2024/3005.

2. Déanfaidh soláthraí rátálacha ESG a bhfuil iarratas ar údarú le haghaidh formhuiniú á chur isteach aige mar aon le hiarratas de bhun mhír 1, sa bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán 2024/3005 agus ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in

---

[3] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj).

Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo, an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo a áireamh ina iarratas ar údarú mar sholáthraí rátálacha ESG.

3. Déanfaidh soláthraí rátálacha ESG a thaisceann iarraidh ar thagarmharcanna a sholáthar an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo a áireamh ina iarratas ar údarú mar sholáthraí rátálacha ESG, sa bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán 2024/3005 agus ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

**Iarratas ar aitheantas a thabhairt do sholáthraí rátálacha ESG atá bunaithe lasmuigh den Aontas**

Cuirfidh iarratasóir ar aitheantas mar sholáthraí rátálacha ESG atá bunaithe lasmuigh den Aontas an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann leis an Rialachán seo faoi bhráid ESMA, sa bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 12(4) de Rialachán 2024/3005

*Airteagal 3*

**Formáid an iarratais**

1. Tabharfaidh iarratasóir uimhir thagartha uathúil do gach doiciméad a chuirfidh sé isteach. Sainaithneofar go soiléir ann cén ceanglas sonrach den Rialachán seo dá dtagraíonn an fhaisnéis arna cur isteach agus cén doiciméad ina soláthraítear an fhaisnéis sin.

2. Soláthróidh iarratasóirí an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinní II agus III IV agus V a ghabhann leis an Rialachán seo do ESMA i bhformáid mheaisín-inléite ar fíor an méid seo a leanas ina leith:

(a) fágann an fhormáid gur féidir leis an bhfaisnéis a bheith inrochtana go ceann tréimhse leordhóthanach chun críocha an iarratais;

(b) fágann sí gur féidir an fhaisnéis atá stóráilte a atáirgeadh gan í a athrú.

3. Áireoidh iarratasóir ina iarratas litir arna síniú ag comhalta de bhainistíocht shinsearach an iarratasóra lena bhfianaítear go bhfuil an fhaisnéis a cuireadh isteach cruinn agus iomlán chomh fada agus is eol don chomhalta, ó dháta an tíolactha sin.

*Airteagal 4*

**An líon fostaithe**

Déanfaidh iarratasóirí ar údarú dá dtagraítear in Airteagal 1 nó iarratasóirí ar aitheantas dá dtagraítear in Airteagal 2 meastachán ar líon a bhfostaithe ar bhonn coibhéis lánaimseartha, a ríomhfar mar iomlán uaireanta oibre bliantúla gach fostaí roinnte ar líon uaireanta uasta an fhostaí faoi réir cúitimh laistigh de bhliain oibre mar a shonraítear leis an dlí náisiúnta is infheidhme.

*Airteagal 5*

**Beartais agus nósanna imeachta**

Soláthróidh iarratasóirí ar údarú dá dtagraítear in Airteagal 1 nó iarratasóirí ar aitheantas dá dtagraítear in Airteagal 2 cóipeanna de na beartais agus na nósanna imeachta a glacadh chun

Iarscríbhinn II, cuid (j), (k), (m), Iarscríbhinn IV agus Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo a chomhlíonadh.

*Airteagal 6*
**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 2 Iúil 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 26.5.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*